Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 20 Meitheamh**
**Afternoon, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________


# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

**A-1.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar léachtán. Agus modh na n-aiseanna aismhéadracha á úsáid, sa líníocht ar dheis taispeántar teilgean trímhéadrach neamhchríochnaithe de léachtán cosúil leis an léachtán sa ghrafaic.

**(a)** Críochnaigh teilgean aismhéadrach an léachtáin.

**(b)** Déan amach agus cuir in iúl an fíorfhad trasnánach den bharr dronuilleogach claonta.







**A-2.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar comhartha bóthair agus a fhráma tacaithe.


Tá an fráma tacaithe i bhfoirm teitrihéadráin rialta.

Sa líníocht ar dheis taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an struchtúir.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló.
*(Bíodh an saighead threoch ann.)*

**(b)** Déan amach fíorchruth an chomhartha bóthair a bhfuil cruth comhthreomharáin air.







**A-3.** Is tábhachtach comharthaí bóthair a chur san áit cheart ar chorthaí dainséaracha, mar a thaispeántar sa phictiúr thíos. Cinntíonn sé seo gur féidir iad a fheiceáil go soiléir i rith an lae agus san oíche freisin.

Sa líníocht ar dheis taispeántar an bonnchló de coradh biorrach (U-chruthach). Taispeánann pointe **P** suíomh cairr atá ag taisteal feadh an bhóthair ó **A** go dtí **B** istoíche. Seasann an uillinn **L** don gha solais as na ceannsoilse agus taispeánann **S** suíomh comhartha bóthair.

Aimsigh suíomh an chairr ar an mbóthar nuair a shoilsítear an chomhartha i dtosach.







**A-4.** Sa ghrafaic thíos taispeántar bosca bruscair agus lógó.
Sa líníocht ar dheis tá cló peirspictíoch neamhchríochnaithe den bhosca.


Críochnaigh an cló peirspictíoch den bhosca, agus pointe téaltaithe cúnta á úsáid agat do na dromchlaí claonta.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe - Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé Céadaoin, 20 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Is foirgneamh suntasach é i mBaile Átha Cliath *an tIonad Comhdhála,* a thaispeántar sa phictiúr ar dheis. Sa dearadh iontach seo tá éadan gloine i bhfoirm dronsorcóra a thrasnaíonn aghaidh thosaigh cheartingearach an fhoirgnimh.





I bhFíor B-1 taispeántar ingearchló agus taobhchló cuid den dearadh. Is é atá ann ná cuid de dhronsorcóir agus a ais claonta ar 60° leis an bplána cothrománach, mar a thaispeántar sa taobhchló. Gearrann an sorcóir aghaidh thosaigh an fhoirgnimh agus táirgtear cuair éilipseacha, mar a thaispeántar san ingearchló.

**(a)** Tarraing an taobhchló a thugtar. Bíodh na gnéithe dronlíneacha ar dhromchla an tsorcóra ann, mar a thaispeántar.

**(b)** Teilg an t-ingearchló a thugtar agus taispeáin go soiléir na línte tógála go léir. *(Bain úsáid as na gnéithe a thugtar chun pointí a bhunú ar na cuair.)*

**(c)** Aimsigh **dhá** phointe fhócasacha an chuair leathéilipsigh ABC agus déan amach lár na cuaire don phointe B.

**Scála 1:100**




**Fíor B-1**

**B-2.** Sa phictiúr ar dheis taispeántar dealbh theibí mhiotail atá déanta as solaid thrasnacha éagsúla.




I bhFíor B-2 thíos taispeántar teilgin neamhchríochnaithe dhá sholad mar seo a threánn a chéile.

**(a)** Sa léaráid tá pirimid suite agus tá a bonn triantánach claonta ar 30° leis an bplána cothrománach. Tarraing bonnchló agus ingearchló na pirimide seo.

**(b)** Treánn priosma triantánach comhshleasach, dar slios 65mm, an phirimid mar a thaispeántar. Tarraing bonnchló imlíneach agus ingearchló imlíneach an phriosma thriantánaigh seo.

**(c)** Críochnaigh an líníocht agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.

**Scála 1:1**




**Fíor B-2**


**B-3.** Tá sé céad bliain i mbliana, 2012, ó bádh an Titanic, an línéar mara is cáiliúla ar domhan, a tógadh i mBéal Feirste.

Sa phictiúr ar dheis taispeántar *Foirgneamh Léiraitheantais an Titanic* a osclaíodh sa chathair mar chuimhneachán ar an lá a bádh é i mí Aibreán.

San fhoirgneamh tá aghaidheanna plánacha a thrasnaíonn a chéile, mar a thaispeántar, agus a sheasann do thosach na loinge mí-ábharaí.



I bhFíor B-3 thíos taispeántar bonnchló agus ingearchló mionsamhail de dhá phlána thrasnacha mar seo, **ABCD** agus **ABEF**. Freisin tugtar na comhordanáidí cothrománacha agus ceartingearacha do phointí seachtracha an dá phlána.




**Fíor B-3**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A | = | 165 | --- | 0 | --- | 70 |
| B | = | 205 | --- | 80 | --- | 110 |
| C | = | 105 | --- | $h$ | --- | 75 |
| D | = | 120 | --- | 0 | --- | 60 |
| E | = | 170 | --- | $h$ | --- | 10 |
| F | = | 155 | --- | 0 | --- | 25 |

**(a)** Tarraing an bonnchló a thugtar den dá phlána thrasnacha agus aimsigh na pointí **A**, **B**, **D** & **F** san ingearchló.

**(b)** Déan amach airde, ***h***, na bpointí **C** agus **E** agus críochnaigh an t-ingearchló.

**(c)** Déan amach an uillinn dhéhéidreach idir an dá phlána.

**(d)** Déan amach agus cuir in iúl rianta cothrománacha agus ceartingearacha an fhiarphlána ina bhfuil an dromchla **ABEF**.

**Scála 1:1**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

# Céimseata Gheolaíoch

**C-1. (a)** Ar an léarscáil a ghabhann leis seo agus atá le fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún agus iad cúig mhéadar ó chéile go ceartingearach.

Is é **ABCDE** lárlíne bóthair atá á bheartú. Is é **O** lárphointe na gcuar ciorclach do thimpeallán atá á bheartú.

Gabhann an tsonraíocht seo a leanas leis an mbóthar:

(i) tá an chuid den bhóthar idir **A** agus **D** leibhéalta ag airde 50m

(ii) tá an chuid ó **D** go dtí **E** ag titim go haonfhoirmeach chuig leibhéal 35m ag **E**.

Bain úsáid as taobhfhánaí 1 in 1 do na gearrthacha agus 1 in 2 do na claífoirt, agus críochnaigh na hoibreacha talún ar an taobh thoir agus ar an taobh theas atá riachtanach don bhóthar.

***Nóta:*** *Tá na hoibreacha talún ar an taobh thiar agus ar an taobh thuaidh den bhóthar críochnaithe cheana féin.*

**(b)** Sa líne **PQR** taispeántar bonnchló de shloc mianaigh faoin talamh. Tá an tslí isteach sa sloc mianaigh suite ag **P** ag airde 35m agus claonann an sloc síos isteach sa talamh ar uillinn 10° leis an bplána cothrománach.

Tá cuid den sloc mianaigh, in aice le pointe **Q**, tar éis titim isteach agus tá grúpa mianadóirí sáinnithe faoi thalamh.

Tá sé beartaithe tollpholl ceartingearach a dhruileáil áit éigin idir na pointí **Q** agus **R** chun na mianadóirí a tharrtháil. Déan amach, sa bhonnchló, an suíomh sa sloc mianaigh inar féidir an tollpholl is giorra ceartingearach a dhruileáil.

**Scála 1:1000**

**C-2.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar tinteán i bhfoirm leath-hipearbólóideach imrothlaithe. Tá an struchtúr copair gearrtha, mar a thaispeántar, chun an barr claonta a dhéanamh. Tá slí don tine in oscailt cheartingearach.




I bhFíor C-2 thíos taispeántar bonnchló agus ingearchló an tinteáin.

**(a)** Tarraing bonnchló imlíneach agus ingearchló imlíneach an leath-hipearbólóidigh imrothlaithe agus bíodh an bonn leathchiorclach ann.

**(b)** Tarraing teilgin an bhairr chlaonta san ingearchló agus sa bhonnchló.

**(c)** Tarraing teilgin na hoscailte ceartingearaí.

**Scála 1:10**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Sa ghrafaic ar dheis taispeántar *Lárionad Lorg Mianadóireachta na hAirgní* i gCo. Ros Comáin. Tá dearadh nua-aimseartha an fhoirgnimh uilligh ag dul lena thimpeallacht gharbh.



I bhFíor C-3 thíos taispeántar bonnchló agus ingearchló cuid den struchtúr ina bhfuil dhá fhuinneog dhormánta.


**(a)** Tá claonadh 60° sna dromchlaí **A** agus **C** agus claonadh 40° sna dromchlaí **B** agus **D**. Tarraing ingearchló agus bonnchló na ndromchlaí **A**, **B**, **C** agus **D**.

**(b)** Tarraing ingearchló agus bonnchló na fuinneoige dormánta **E** agus déan amach an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí **B** agus **E**.

**(c)** Forbair an dromchla **E**.

**(d)** Is í an uillinn dhéhéidreach idir dromchlaí **D** agus **F** ná 120°. Críochnaigh teilgin an struchtúir.

**Scála 1:100**




**Fíor C-3**

# Meicníochtaí Dinimiciúla

**C-4. (a)** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar meaisín fíodóireachta a oibrítear le troitheán.




Tá meicníocht nascála sa mheaisín cosúil leis an gceann a thaispeántar i bhfoirm léaráide líní i bhFíor C-4(a) thíos.

Rothlaíonn géag **OA** ar tuathal timpeall ar phointe **O** ar feadh imrothlú amháin. Ag an am céanna rothlaíonn géag **BC** ar deiseal timpeall ar phointe **B** ar feadh 180° agus rothlaíonn sé ar tuathal ar ais go dtí a shuíomh tosaigh ar feadh an 180° deiridh.

Is ailt phionna iad **A**, **C** agus **D**.

Breac lócas an phointe **P** don ghluaiseacht iomlán.

**Scála 1:1**




**Fad na ngéag**

OA = 32
BC = 42
AD = 80
CP = 165

**Fíor C-4(a)**

**(b)** I bhFíor C-4(b), tá sliotán héiliciúil le gearradh ar éadan sorcóra, ag tosú ag pointe **A** agus ag críochnú ag pointe **B**.

(i) Tarraing an t-ingearchló a thugtar den sorcóir agus teilg bonnchló.


(ii) Tarraing forbairt dromchla leath tosaigh an tsorcóra agus bíodh pointe **A** agus pointe **B** ann.

(iii) Déan amach, san ingearchló, an chonair héiliciúil idir **A** agus **B**.

(iv) Déan amach agus cuir in iúl, ina céimeanna, an uillinn a gcaithfidh an sorcóir casadh tríthi má fhanann an bior gearrtha ceartingearach mar a thaispeántar sa ghrafaic thíos.

**Scála 1:1**







**Fíor C-4(b)**

# Cóimeálacha


**C-5.** **(a)** I bhFíor C-5 taispeántar mionsonraí de **Phreas** chun dioscaí ciorclacha a ghearradh le haghaidh cluiche cláir. Taispeántar thíos freisin liosta na bpáirteanna agus grafaic 3D de na páirteanna ar leith. Tarraing tras-ingearchló ina lánmhéid ar A-A, a thaispeánann na páirteanna agus iad lánchóimeáilte, an dísle uachtarach thíos go hiomlán agus an hanla sa suíomh cothrománach. *(Tá méid 1×45º i ngach seaimféar. Is féidir meastachán a dhéanamh ar aon toise atá fágtha ar lár.)*



**(b)** Déan amach agus cuir in iúl ar do líníocht an uillinn a dhéanfaidh an hanla leis an bplána cothrománach nuair a ardaítear an dísle uachtarach de 10mm.




| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Cabhail phreasa | 1 |
| 2 | An inse uachtarach | 1 |
| 3 | Reithe ceartingearach | 1 |
| 4 | Dísle gluaisteach uachtarach | 1 |
| 5 | Hanla | 1 |
| 6 | Pionna Ø10 × 40 | 1 |
| 7 | Pionna Ø8 × 40 | 1 |
| 8 | Pionna Ø6 × 30 | 1 |
| 9 | Pionna Ø6 × 20 | 1 |
| 10 | Dísle íochtarach socraithe | 1 |



**Fíor C-5**

Leathanach Bán

Leathanach
Bán

Leathanach Bán